



## **Circular No. 0017/2011**

### **Circular to the Management Authorities of National Schools, Secondary, Community and Comprehensive Schools and the Chief Executive Officers of Vocational Education Committees on Revised Arrangements for the Provision of Teaching Supports to Traveller Students**

#### **1. Resource Teachers for Travellers / Teaching Hours for Traveller pupils**

This Circular provides information to schools on revised arrangements for the provision of teaching supports to Traveller pupils for the 2011/2012 and subsequent school years following the recent Budget.

Traveller pupils who are eligible for learning support teaching should receive this tuition through the existing learning support provision in schools. All schools should select pupils for learning support on the basis of priority of need. Resource Teacher for Traveller (RTT) posts/Teaching Hours for Traveller pupils will therefore be withdrawn, effective from 31 August 2011.

The principle of “individual educational need” rather than “Traveller identity” is central to *The Report and Recommendations for a Traveller Education Strategy* and the key criterion underlying the recommendations of the report for the provision of additional resources to all pupils, including Traveller pupils.

If you have any queries with regards to provision under Section 1 of this circular please contact Special Education Section on 090 648 4188 /3760 /3922 /4153 /3858 /3762 /4093.

The following measures will be put into place to assist schools who have high concentrations of traveller pupils who were previously supported by Resource Teacher for Traveller posts or hours.

## **2. DEIS Primary schools currently in receipt of enhanced Pupil Teacher Ratios**

For the 2011/2012 school year, Traveller pupils will be included in the valid enrolment for the purpose of allocating additional staffing under DEIS.

If you have any queries with regards to provision under Section 2 of this circular please contact Social Inclusion Unit on – 090-6483773; 090-6483774; 090-6483772.

## **3. Alleviation Measures for all other schools**

For all schools, with the exception of schools catered for in Paragraph 2 above, alleviation measures will be put in place to assist schools who have a high concentration of Traveller pupils who were previously supported by Resource Teacher for Traveller posts.

Any proposed alleviation measures must be considered in the context of the limited resources which are available to the Department. As such, alleviation measures will be concentrated on schools which have 33 or more pupils who were previously supported by Resource Teacher for Traveller posts.

The relevant schools will be advised by further communication of the precise details of the alleviation measures which will apply and as to any criteria and conditions attaching to same.

As the precise nature of the alleviation measures for the next school year are currently being finalised, schools are requested not to contact the Department pending further advices to schools.

This circular can be accessed on the Department's website [www.education.ie](http://www.education.ie)

**Jim Mulkerrins**  
**Principal Officer**  
**Social Inclusion Unit**

**Hubert Loftus**  
**Principal Officer**  
**Schools Division**

**Teresa Griffin**  
**Principal Officer**  
**Special Education Section**

**3<sup>rd</sup> March 2011**

An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Rannog Oideachais Speisialta  
Cor na Madadh  
Átha Luain  
Co. na hIarmhí



Department of Education and Skills  
Special Education Section  
Cornamaddy  
Athlone  
Co. Westmeath

## **Imlitir Uimh. 0017/2011**

**Imlitir chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na gCoistí Gairmoideachais ar Shocruithe Leasaithe maidir le Tacaíochtaí Teagaisc a Sholáthar do Dhaltaí Taistealaithe**

### **1. Múinteoirí Acmhainní do Thaistealaithe / Uaireanta Teagaisc do dhaltaí Taistealaithe**

Soláthraíonn an Imlitir seo fáisnéis do scoileanna ar shocruithe leasaithe maidir le tacaíochtaí teagaisc a sholáthar do dhaltaí Taistealaithe do na scoilbhlianta 2011/2012 agus dá éis sin i ndiaidh an Bhúiséid le déanaí.

Daltaí Taistealaithe a cháilíonn le haghaidh teagasc tacaíochta foghlama, ba cheart go bhfaighidís an teagasc sin tríd an soláthar tacaíochta foghlama atá curtha ar fáil cheana féin sna scoileanna. Ba cheart do gach scoil daltaí a roghnú le haghaidh tacaíocht foghlama ar bhonn tosaíochta ó thaobh riachtanais. Aistarraingeofar, mar sin, poist mar Mhúinteoirí Acmhainne do Thaistealaithe/Uaireanta Teagaisc do dhaltaí Taistealaithe, le héifeacht ón 31 Lúnasa 2011.

Prionsabal lárnach den *Tuarascáil agus Moltaí maidir le Straitéis Oideachais do Thaistealaithe* is ea an "riachtanas oideachasúil aonair" agus is é an príomhchritéar faoi

mholtaí na tuarascála maidir le hacmhainní breise a sholáthar do na daltaí ar fad, lena n-áirítear daltaí Taistealaithe.

Má tá aon cheist agat i dtaobh an tsoláthair faoi Chuid 1 den imlitir seo, iarrtar ort glao a chur ar an Rannóg Oideachais Speisialta ar 090 648 4188 /3760 /3922 /4153 /3858 /3762 /4093.

Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun cuidiú le scoileanna a bhfuil líon mór daltaí Taistealaithe acu agus a bhí á dtacú roimhe seo ag poist nó ag uaireanta Múinteoirí Acmhainne do Thaistealaithe.

## **2. Bunscoileanna DEIS a bhfuil Cóimheasanna Daltaí le Múinteoirí feabhsaithe acu i láthair na huair**

I gcás na scoilbhliana 2011/2012, cuirfear daltaí Taistealaithe san áireamh sa rollú bailí chun críche baill bhreise foirne a leithdháileadh faoi DEIS.

Má tá aon cheist agat i dtaobh an tsoláthair faoi Chuid 2 den imlitir seo, iarrtar ort glao a chur ar an Aonad um Chuimsiú Sóisialta ar 090-6483773; 090-6483774; 090-6483772.

## **3. Bearta Maolaithe do na scoileanna ar fad**

I gcás na scoileanna ar fad, ach amháin scoileanna dá bhfreastalaítear in Alt 2 thuas, cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun cuidiú le scoileanna a bhfuil líon mór daltaí Taistealaithe acu agus a bhí á dtacú roimhe seo ag poist nó ag uaireanta Múinteoirí Acmhainne do Thaistealaithe.

Ní mór aon bhearta maolaithe molta a bhreithniú i bhfianaise na n-acmhainní teoranta atá ar fáil don Roinn. Dá réir sin, díreofar bearta maolaithe ar scoileanna ag a bhfuil 33 dalta nó os a chionn sin a bhí a dtacú roimh seo ag poist Múinteoirí Acmhainne do Thaistealaithe.

Cuirfear sonraí beachta na mbeart maolaithe a chuirfear i bhfeidhm agus aon chritéir agus aon choinníollacha a ghabhann leo in iúl do na scoileanna lena mbaineann i gcumarsáid eile.

Ós rud é go bhfuil nádúr beacht na mbeart maolaithe á chinneadh i láthair na huaire don chéad scoilbhliain eile, iarrtar ar scoileanna gan teagmháil a dhéanamh leis an Roinn go dtí go bhfaighfear an fhaisnéis bhreise.

Gheofar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie)

**Jim Mulkerrins**  
**Príomhoifigeach**  
**An tAonad um Chuimsiú Sóisialta**

**Hubert Loftus**  
**Príomhoifigeach**  
**Rannán na Scoileanna**

**Teresa Griffin**  
**Príomhoifigeach**  
**An Rannóg Oideachais Speisialta**

**3ú Márta 2011**